

**Plean Earnála 2006 – 2009
faoin Acht um Míchumas
2005**

**Tuarascáil ar Dhul
Chun Cinn**

**An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus
Teaghlaigh**



Feabhra 2010

Réamhrá ón Aire

Tá áthas orm go bhfuil Tuarascáil na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh ar Dhul Chun Cinn faoin bPlean Earnála Míchumais á fhoilsiú. Réitíodh an tuarascáil de réir fhorálacha an Acht um Míchumas 2005.




Is beag duine sa Stát nach tairbhíonn ar shlí éigin d'obair na Roinne agus tá sí ar cheann de na heagraíochtaí is tábhachtaí maidir le tacaíocht a sholáthar dóibh siúd is mó atá ina gátar, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas agus a gcúramóirí.

Foilsíodh Plean Earnála na Roinne sa bhliain 2006 agus gealladh ann go bhfoilseofaí athbhreithniú foirmeálta ar an bPlean ag deireadh na bliana 2009. Chuathas i gcomhairle go forleathan le raon sainleasanna lena n-áirítear custaiméirí agus foireann na Roinne, páirtithe leasmhara míchumais, soláthraithe seirbhíse agus an pobal i gcoitinne. Bunaíodh an Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn ar an ionchur ón bpróiseas seo. Ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil leis na heagraíochtaí agus na saoránaigh ar fad a rinne aighneachtaí maidir leis an athbhreithniú seo agus go háirithe le Fóram Comhairleach Míchumais na Roinne a sholáthaíonn comhairle agus aiseolas mórluachmhar i gcónaí don Roinn i dtaobh ceisteanna a bhaineann le míchumas.

Tagann cur chuige na Roinne i leith seirbhísí le haghaidh daoine faoi mhíchumas agus dá gcúramóirí dá mhisean chun sochaí chásmhara a chur chun cinn, rannpháirtíocht a éascú agus cuimsiú sóisialta a fheabhsú. Gheofar sa Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn ar feadh na tréimhse 2006 - 2009 cuntas ar dhul chun cinn suntasach maidir le raon leathan cuspóirí a socraíodh sa bhliain 2006, lena n-áirítear méaduithe substaintiúla a dhéanamh ar thacaíochtaí ioncaim i scéimeanna míchumais agus i scéimeanna a bhaineann le cúramóirí, clár idirghníomhaireachta a thionscnamh chun daoine faoi mhíchumas a éascú chun dul i mbun fostaíochta, oiliúna, oideachais agus deiseanna eile foráis, agus feabhas a chur ar sheirbhísí chun teacht níos fearr a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas ar scéimeanna agus ar sheirbhísí na Roinne. Lena chois sin,

comhlíonadh go substaintiúil sna trí bliana deireanacha gealltanais na Roinne chun tacú go hiomlán le foireann na Roinne faoi mhíchumas chun an gealladh atá fúthu a chomhlíonadh.

Cé go n-admhaítear go gcuirfidh an cúlú eacnamaíochta brú mór ar sheachadadh scéimeanna agus seirbhísí na Roinne i gcoitinne, féachfaimid le cinntiú go gcosnófar na daoine is leochailí, agus daoine faoi mhíchumas san áireamh, agus go gcoimeádfar a gcaighdeáin mhaireachtála agus a dteacht ar sheirbhísí riachtanacha.



Mary Hanafin TD

Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh

Tuarascáil ar Dhul chun Cinn maidir leis an bPlean Earnála don tréimhse 2006-2009

Buneolas

Riachtanas is ea é faoi Alt 31(4) den Acht um Míchumas 2005 tuarascáil a ullmhú ar an dul chun cinn a rinneadh chun an Plean Earnála Míchumais a chur i ngníomh, tráth nach déanaí ná trí bliana óna fhoilsiú. Sa tréimhse trí bliana ó chéad Phlean Earnála na Roinne i leith, ba suntasach an dul chun cinn suntasach a rinneadh chun cuspóirí an Phlean a shroicheadh mar a chítear sa srac-chuntas thíos.

Cuspóir 1: Scéimeanna leasa shóisialaigh ar leith a cheapadh do dhaoine in aois oibre chun a chinntiú go mbeidh ioncam leordhóthanach, slán agus inbhuanaithe acu agus tacaíochtaí gaolmhara

I dtréimhse an Phlean Earnála, comhlíonadh go hiomlán na gealltanais a bhí sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Sóisialta *I dTreo 2016*, maidir le leibhéal íocaíochtaí leasa shóisialaigh, lena n-áirítear íocaíochtaí breoiteachta agus íocaíochtaí bainteach le míchumas. Méadaíodh rátaí leasa shóisialaigh sna bliana 2007, 2008 agus 2009 de 12.1%, 6.5% agus 3.3% faoi seach, agus mar chomhiomlán, mhéadaigh rátaí leasa shóisialaigh de tuairim is 17.5% os cionn an ráta boilscithe sa tréimhse sin.

Leasaíodh an tástáil mhaoine bainteach leis an Scéim Liúntais Míchumais (LM) trí neamhaird chaipitil mhéadaithe de €50,000 a thabhairt isteach sa bhliain 2007. Roimh 2007, measúnaíodh caipiteal a bhain le hiarrthóir ar íocaíochtaí cúnamh shóisialta, agus an Scéim LM san áireamh, ar bhonn neamhaird den gcéad €20,000. Aithníodh go mb'fhéidir nach raibh an seans céanna ag daoine a bhí ag fáil an Liúntais Míchumais airgead a choigilt nó ioncam a chur i dtaisce ó fhostaíocht is a bhí ag daoine eile agus go bhféadfadh míchumas bac a chur ar chumas an duine cónaí neamhspleách a dhéanamh. In aghaidh an chúlra sin, aithníodh chomh maith go bhféadfadh sé go mba mhian le teaglaigh soláthar airgeadais a dhéanamh do thodhchaí linbh nó siblín ach go mbeadh imní orthu go gcuirfeadh soláthar mar é isteach ar theidlíocht duine ar LM ós rud é go bhféadfaí laghdú suntasach a dhéanamh nó duine a dhícháiliú ó íocaíocht agus ó shochair thánaisteacha dá mbeadh os cionn €20,000 de chaipiteal aige nó aici, ag brath ar an méid a bhí i gceist. Ar an gcaoi chéanna, i gcásanna mar a rinneadh íocaíocht

chúitimh a bhronnadh ar dhuine mar thoradh ar thimpiste nó gortaithe, d'fhéadfaí an íocaíocht LM agus sochair ghaolmhara a laghdú, nó a stopadh mar thoradh ar mheasúnú ar chaipiteal os cionn €20,000 a bhí faighte. Mar sin rinne Buiséad na bliana 2007 soláthar le haghaidh neamhaird leasaithe caipitil de €50,000 d'éilitheoirí an LM. Thairbhígh breis is 400 faighteoir, agus d'aistrigh tuairim is 300 chuig an ráta iomlán pearsanta íocaíochta.

Roimh 2007, dhícháileofaí daoine a bhí i gcúram cónaithe ó theidlíocht ar ráta iomlán an LM toisc gur áitritheoirí a bhí iontu. Ina ionad sin, íocadh Ráta Costais Phearsanta den Liúntas Míchumais leo arbh ionann é agus €35 sa tseachtain. Le héifeacht ón 1 Eanáir 2007, leathnaíodh teidlíocht ar ráta iomlán an LM chuig daoine i gcúram cónaithe a bhí dícháilithe roimhe sin ar fhorais chónaithe, rud a chuaigh chun sochair do 2,700 duine nó mar sin.

Chaith an Roinn tuairim is €2,420 milliún ar fhorálacha an Phlean Earnála sa bhliain 2007, €2,607 sa bhliain 2008 agus meastar go gcaithfear €3,060 sa bhliain 2009. Is ionann sin agus méadú de 26% thar thréimhse an Phlean Earnála. Baineann formhór an chaiteachais seo le raon scéimeanna tacaíochtaí ioncaim do dhaoine faoi mhíchumas. Is iad na príomhscéimeanna ná an Liúntas Míchumais, Pinsean Easláine, Pinsean na nDall, Sochar Díobhálacha Ceirde, Liúntas/Sochar Cúramóra agus an Deontas Cúraim Sosa chomh maith le raon sochar tánaisteacha. Ba iad na méaduithe bliantúla sna rátaí íocaíochta agus méadú ar líon na bhfaighteoirí ba mhó a mhéadaigh an caiteachas le linn thréimhse an Phlean Earnála. Ba éagsúil an tionchar a bhí ag an dá thoisc seo ar an méadú ar chaiteachas ó scéim go scéim. Mar shampla, mhéadaigh an caiteachas sa scéim ba mhó, an Liúntas Míchumas, de 23% idir 2007 agus 2009. Caitheadh 30% den mhéadú seo ar fheabhsuithe sna rátaí íocaíochta agus ba é an méadú ar líon na bhfaighteoirí ba chúis leis an 70% eile. Maidir leis an Liúntas Cúramóra, méadaíodh an caiteachas de 36% sa tréimhse chéanna agus caitheadh 40% den méadú seo ar méaduithe sna rátaí agus méadú ar líon na bhfaighteoirí ba chúis le 60%. Le linn thréimhse an Phlean Earnála, bhí na méaduithe ar rátaí íocaíochta i bhfad níos airde ná na gluaiseachtaí sa Treoir Praghsanna do Thomhaltóirí agus gluaiseachtaí pá.

Cuspóir 2: Cinntiú go bhfuil clúdach an chórais Árachais Shóisialta Pá-Coibhneasta oiriúnach do dhálaí fostaithe, féinfhostaithe agus lucht catagóirí eile faoi seach

Moladh tabhairt isteach an Phinsin Easláine do dhaoine féinfhostaithe ag comhairligh neamhspleácha mar chuid d'Athbhreithniú Achtúireach na bliana 2005 ar an gCiste Árachais Shóisialta, a foilsíodh sa bhliain 2007. Léirigh an t-athbhreithniú go mbeadh éifeacht ábhartha ag athrú mar é ar chostas an Phinsin Easláine, agus go méadódh caiteachas réamh-mheasta ar an bPinsean de €0.3 billiún i dtéarmaí na bliana 2006 faoi dheireadh thréimhse an athbhreithnithe. I bhfianaise na faisnéise seo, níl sé beartaithe clúdach a leathnú chuid an grúpa árachaithe seo. Ba ghá impleachtaí suntasacha airgeadais aon bhirt mar é a bhreithniú laistigh de comhthéacs an bhuiséid, faoi mar ab amhlaidh i gcás méadú cuí i ráta ranníocaíocht Aicme S den chóras ÁSPC.

Cuspóir 3: Dul i dteagmháil go lánbhríoch le daoine in aois oibre, go háirithe i ngrúpaí imeallaithe agus eisiata, agus seirbhísí a sholáthar go díreach agus i gcomhar le gníomhaireachtaí ábhartha eile chun na daoine seo a spreagadh agus a thacú chun glacadh le deiseanna ábhartha oibre, oiliúna, oideachais agus le deiseanna foráis eile

Sa bhliain 2006, tugadh isteach cúlú barrchaolaithe den Liúntas Míchumais (LM) chun éilitheoirí a spreagadh chun a bheith páirteach sa líon saothair trí phost a ghlacadh agus a dteacht isteach ó fhostaíocht a mhéadú. Déantar neamhaird de thuilleamh ó fhostaíocht de suas le €120 sa tseachtain sa tástáil mhaoine agus measúnaítear tuilleamh idir €120 agus €350 ag 50% dá luach. I ndáiríre, is féidir éilitheoirí an LM suas le €435 sa tseachtain a thuilleamh anois sula gcailltear teidlíocht ar aon chuid den íocaíocht. Ar shlí amháin, d'fhéadfaí breathnú ar an mbeart mar bheart ar éirigh leis, ó tá méadú réidh tagtha ar líon na ndaoine a bhaineann leas as an neamhaird ioncaim ó tuairim is 6,500 nuair a tugadh na socruithe leasaithe isteach mí an Mheithimh 2006 go 9,600 ag deireadh mhí Mheán Fómhair 2009. Díol suntas is ea é gur tharla an méadú seo ag an am céanna go raibh méadú substaintiúil réidh ag teacht ar líon na ndaoine san iomlán a éilíonn an LM, agus go deimhin, tá cionroinnt na n-éilitheoirí a bhaineann leas as an neamhaird seasmhach ag idir 9% agus 10% den líon iomlán éilitheoirí sa thréimhse iomlán ó 2006 i leith.

Bhí gealltanas sa Phlean Earnála go dtabharfaí meastóireacht ar an Tionscadal Píolótach Lár na Tíre chun críche agus rinneadh amhlaidh sa bhliain 2007. Cuireadh tús in Eanáir 2008 leis an iarracht an fhoghlaim ón Tionscadal Píolótach a chomhtháthú sa Tionscadal Gníomhachtúcháin Míchumais (TGM) a chistítear faoi 'Clár Oibriúcháin um Infheistíocht i nDaonacmhainní 2007–2013' an Chiste Shóisialta Eorpaigh. Mar chuid den phróiseas seo, bunaíodh Foireann Fheidhmithe idirghníomhaireachta comhdheánta de phríomhphearsanra ó FÁS, ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta, ó na Coistí Gairmoideachais, ón Údarás Náisiúnta Míchumais agus ón Roinn mí an Mheithimh 2008 agus bunaíodh foireann éascaithe tiomnaithe chun an Tionscadal a chur i ngníomh. Tá dul chun cinn á dheanamh maidir le hionadaíocht na hearnála pobail agus saorálach ar an bhFoireann Fheidhmithe. Tá an Tionscadal á reáchtáil i láthair na huaire i Réigiún na Teorann, Lár na Tíre agus an Iarthair agus tá próisis á dtástáil chun teagmháil a dhéanamh le daoine atá ag fáil íocaíochtaí bainteach le míchumas.

Idir tús an Tionscadail agus deireadh mhí Mheán Fómhair 2009, tugadh cuireadh de 650 faighteoir d'íocaíochtaí breoiteachta teacht chun agallaimh agus díobh seo, chas 300 duine nó mar sin ar fhoireann an Tionscadail ar bhonn duine le duine chun pleananna forchéimnithe pearsanta a chur i dtoll a chéile. Lena chois sin, cuireadh clár oiliúna ar fáil, i gcomhar leis na gCoistí Gairmoideachais, atá dírithe ar dhaoine a fhaigheann íocaíochtaí breoiteachta/míchumais sa réigiún. Chas Éascaitheoir an Tionscadail ar phríomhphearsanra ó ghníomhaireachtaí eile mar chuid den phróiseas seo chun caidreamh oibre agus comhar áitiúil a thionscnamh agus a fhorbairt.

Cuspóir 4: Cinntiú go gceapfar scéimeanna agus seirbhísí a thacaíonn le daoine faoi mhíchumas ar bhealach a chuirfidh ar a gcumas a bheith lánpháirteach sa tsochaí agus a bheidh ar aon dul leis an gclár oibre príomhshruthaithe

Tá ceist theacht ar iompar poiblí i gceantair tuaithe á réiteach i láthair na huaire faoin gClár Iompair Tuaithe atá á bhainistiú ag Pobal thar ceann na Roinne Iompair. Ó 2004 i leith, thug an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh breis is €5 milliún don Chlár agus chuir €1.5 milliún eile ar fáil sa bhliain 2009 chun a chinntiú go mbeidh teacht leanúnach ag sealbhóirí an Phas Saorthaistil ar sheirbhísí iompair pobalbhunaithe.

Ó 25 Meán Fómhair 2006 baineadh gach srian ama ar thaisteal ar sheirbhísí iompair phoiblí a bhí i bhfeidhm do shealbhóirí an Phas Saorthaistil. Ó mhí an Mhárta 2007 leathnaíodh teidlíocht ar phas compánach Saorthaistil chucu siúd a bhí 66 go 74 bliana d'aois agus a raibh teastas dochtúra acu a dúirt nárbh fhéidir leo taisteal ina n-aonar.

Cuireadh tús leis an Scéim Saorthaistil Uile-Éireann do phinsinéirí i mí Aibreán 2007. Faoin scéim is ceadmhach do shealbhóirí an Phas Saorthaistil (daoine ag aois 66 nó os a chionn) taisteal saor in aisce ar gach seirbhís bus agus iarnróid i dTuaisceart Éireann le cárta Smartpass. Ar aon dul leis sin, tá sealbhóirí Smartpass Senior Thuaisceart Éireann i dteideal taisteal saor in aisce ar sheirbhísí in Éirinn lena gcárta Smartpass Senior.

Cuspóir 5: Cinntiú nach gcruthóidh tacaíochtaí ioncaim agus sochair ghaolmhara baic airgeadais a dhíspreagfadh daoine faoi mhíchumas ó fhostaíocht a lorg, a ghlacadh nó a fheabhsú

Cinntiú go mbeidh íocaíochtaí agus tacaíochtaí do chúramóirí éifeachtach, go n-aithneoidh siad a gcuid riachtanas, go rachaidh siad i ngleic leis an mbochtaineacht agus an eisiaimh shóisialta go leordhóthanach agus go mbeidh siad inoiriúnaithe do riachtanais cúramóirí i dtimpeallacht cúraim atá ag athrú

Ba é an príomhathrú beartais a tugadh isteach chun an cuspóir seo a bhaint amach, le linn thréimhse an Phlean, ná an feabhas a rinneadh ar an neamhaird ioncaim atá ar fáil faoin Scéim Liúntais Mhíchumais (LM), ar tugadh srac-chuntas air i gCuspóir 1. Tá an tAthbhreithniú ar an Scéim Liúntais Mhíchumais, atá ar siúl faoi láthair, ag féachaint ar conas dreasachtaí fostaíochta a uasmhéadú i bhfianaise chlár oibre gníomhachtúcháin na Roinne. Foilseofar an tAthbhreithniú go luath sa bhliain 2010.

Mí an Mheithimh 2005 leathnaíodh an Deontas Cúraim Sosa chuig gach cúramóir a sholáthraíonn cúram agus aire lánaimseartha do dhuine a dteastaíonn cúram mar é uaidh nó uaithe beag beann ar a maoin nó ar ranníocaíochtaí árachais. Ó shin i leith, íocadh an Deontas maidir le gach faighteoir cúraim. Mhéadaigh ráta an Deontais Chúraim Sosa go €1,700 sa bhliain ó Mheitheamh 2008.

Cuireadh síneadh le tréimhse an tSochair Chúramóra agus na Saoire Cúramóra ó 15 go 24 mí, ó mhí na Nollag 2005 agus Márta 2006 faoi seach.

Méadaíodh líon na n-uaireanta ar féidir le cúramóir bheith i mbun fostaíochta, féinhostaíochta, oideachais nó oiliúna lasmuigh den teach agus a bheith fós in ainm is a bheith ag soláthar cúraim agus aire lánaimseartha chun críocha an Liúntais Chúramóra, an tSochair Chúramóra agus an Deontais Cúraim Sosa, ó 10 go 15 uair sa tseachtain mí an Mheithimh 2006.

D'fhoráil Buiséad 2007 le haghaidh socruithe nua mar ar féidir le daoine atá ag fáil íocaíochta leasa shóisialaigh, seachas Liúntas nó Sochar Cúramóra, agus atá ag soláthar cúraim agus aire lánaimseartha ag an am céanna, a bpríomhíocaíocht leasa shóisialaigh a choimeád agus íocaíocht eile a fháil, ag brath ar a maoin, a mbeidh a huasmhéid cothrom le leath an Liúntais Chúramóra. Ar aon dul leis sin, féadfaidh daoine atá ag fáil Liúntais Chúramóra, agus a bhfuil teidlíocht bhunúsach acu ar íocaíocht eile leasa shóisialaigh, aistriú chuig an íocaíocht eile agus suas le leath an Liúntais Chúramóra a fháil i gcónaí. Tháinig na socruithe seo i bhfeidhm mí Mheán Fómhair 2007.

Faoi Bhuiséad 2008 méadaíodh an neamhaird ioncaim don Liúntas Cúramóra ó €320 go €332.50 sa tseachtain do dhuine singil agus ó €640 go €665 i gcás lánúine ó mhí Aibreáin 2008. Ciallaíonn sin gur ceadmhach do lánúin ag a bhfuil beirt leanaí tuairim is €37,200 a thuilleamh agus cáiliú i gcónaí le haghaidh uasráta an Liúntais Chúramóra chomh maith leis an bPácaiste Saorthaistil agus Sochar Teaghlaigh a ghabhann leis. D'fhéadfadh lánúin a bhfuil teacht isteach de €60,400 acu sa bhliain cáiliú i gcónaí le haghaidh íocaíochta íosta, agus do na sochair thánaisteacha. Sáraíonn an beart seo an gealltanas sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Sóisialta *I dTreo 2016* chun a chinntiú go mbeidh daoine ar an meántuilleamh tionsclaíoch ag cáiliú i gcónaí do Liúntas Cúramóra iomlán.

Mhéadaigh Buiséad 2009 ráta an Liúntais Chúramóra ó €214 go €220.50 sa tseachtain do dhaoine faoi 66 agus ráta an tSochair Chúramóra ó €214.70 go €221.20 sa tseachtain. Méadaigh ráta an Liúntais Chúramóra do dhaoine ag aois 66 agus os a chionn ó €232 go €239 sa tseachtain.

Cuspóir 6: Plean Gníomhaíochta um Chomhrac na Bochtaineachta agus an Eisiaimh Shóisialta 2006-08 a réiteach agus monatóireacht a dhéanamh air

Cinntiú go mbeidh eolas agus tuiscint shoiléir ar nádúr, ar fhorleithne agus ar chúiseanna na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta agus straitéisí ann chun dul i ngleic leo

Leagtar amach sa *Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta 2007-2016 (NAP/cuimsitheach)*, a foilsíodh i mí Feabhra 2007, raon na mbeartas agus na gclár, maille le spriocanna agus bearta sonracha, a fhéachann leis an mbochtaineacht agus an t-eisiaimh sóisialta a laghdú agus deireadh a chur leis i sochaí na hÉireann, go háirithe do dhaoine faoi mhíchumas.

Bhí tuarascálacha na bhFóram um Chuimsiú Sóisialta bliantúla agus tuarascáil ón bpróiseas leathan comhairliúcháin, a rinne an Oifig um Chuimsiú Sóisialta, mar bhonn eolais faoi na míreanna um chuimsiú sóisialta a cuireadh san áireamh sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Sóisialta *I dTreo 2016*, i dtuarascáil na hÉireann le haghaidh an Aontais Eorpaigh um *Straitéisí Náisiúnta um Chosaint Shóisialta agus um Chuimsiú Sóisialta 2006-2008 – NSSPI*, sa *Plean Náisiúnta Forbartha 2007-2013* agus sa *Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta*. Príomhfhócas den roinn i dtaobh cuimsiú sóisialta in NSSPI na hÉireann don tréimhse 2008–2010 is ea teacht ar dheiseanna oibre agus foghlama ar ardchaighdeán agus ar sheirbhísí cáilíochta, le tagairt ar leith do dhaoine faoi mhíchumas.

Bunaíodh an Rannán um Chuimsiú Sóisialta sa Roinn an 1 Iúil 2009, ag éirí as lánaontú na Gníomhaireachta um Chomhrac na Bochtaine agus an Oifig um Chuimsiú Sóisialta. Príomhthasc don Rannán is ea infhaighteacht agus anailís ar shonraí reatha a chur chun cinn chun tacú le monatóireacht agus measúnú ar spriocanna um chuimsiú sóisialta, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas. Tagann an Grúpa Comhairleach Teicniúil (GCT) a bunaíodh faoin bPlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta agus atá comhdhéanta de shaineolaithe sonraí agus taighde Stáit, gairmiúla agus comhpháirtíochta sóisialta le chéile faoi dhó sa bhliain chun tacú leis an bpróiseas seo. Leathnaíodh an GCT sa bhliain 2007 chun ionadaithe ó na príomhpháirtithe sóisialta agus ó ghníomhaireachtaí a dhéanann ionadaíocht ar son na ngrúpaí saolré, lena n-áirítear an tÚdarás Náisiúnta Míchumais, a chur san áireamh ann.

Tosaíodh ar phortráidí sóisialta a leagann amach staid staitistiúil na ngrúpaí saolré i gcreat an Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta a fhoilsíú sa bhliain 2007 nuair a foilsíodh portráidí de sheanáirí agus de leanaí. Foilsíodh an tríú portráid, daoine in aois oibre, i mí Feabhra 2008 agus portráid de phobail i mí Feabhra 2009.

Is é an Lár-Oifig Staidrimh a dhéanann Suirbhé an Aontais Eorpaigh ar Theacht Isteacht agus ar Dhálaí Maireachtála (EU SILC) in Éirinn. Is é príomhfhócas an tsuirbhé eolas a bhailiú i dtaobh teacht isteach agus dálaí maireachtála an daonra, ónar féidir táscairí bochtaineachta, díothachta agus um chuimsiú sóisialta a chinneadh. Taispeánann na sonraí EU SILC is déanaí gur tháinig laghdú ar an ráta dearbh-bhochtaineachta i gcás daoine nach bhfuil sa líon saothair de dheasca breoiteachta nó míchumais ó 17.9% den daonra sa bhliain 2006 go 15.8% sa bhliain 2007.

Déantar mionchur síos sa Tuarascáil Bhliantúil um Chuimsiú Sóisialta 2008, a foilsíodh mí na Samhna 2009, ar an dul chun cinn a rinneadh i leith spriocanna an Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta. Taispeánann an tuarascáil an dul chun cinn a rinneadh sa bhliain 2008 i leith shroicheadh na bpríomhspríocanna sa Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta, lena n-áirítear an sprioc foriomlán laghdú a dhéanamh ar dhearbhbhochtaineacht go idir 2% agus 4% faoin mbliain 2012 agus deireadh a chur léi faoin mbliain 2016. Tá an Tuarascáil Bhliantúil 2008 um Chuimsiú Sóisialta ar fáil ar www.welfare.ie agus ar www.socialinclusion.ie.

Faoi phróiseas an Mheasúnaithe ar Thionchar na Bochtaineachta (MTB), tá ceanglas ar ranna rialtais tionchar a dtionscnamh beartais agus tionchar reachtaíochta ar bheatha daoine atá i mbaol bochtaineachta a chur san áireamh. Tugadh isteach Treoirínite um MTB i ranna rialtais sa bhliain 2007. Bhí an próiseas foghlama ó chur i ngníomh agus nuashonrú na dTreoirínite ar siúl i gcónaí sa tréimhse 2007–2009.

Cuspóir 7: Cinntiú go mbeidh na rialacha teidlíochta le haghaidh íocaíochtaí míchumais agus íocaíochtaí do chúramóirí oiriúnach do thosca na n-éilitheoirí, sothuigthe agus go gcuirfear i bhfeidhm iad ar bhealach cothrom comhsheasmhach.

Sa bhliain 2007, leasaíodh an measúnú a dhéantar ar thuilleamh céile/páirtí chun críocha an Liúntais Mhíchumais agus leasaíodh scéimeanna eile do dhaoine in aois oibre chun a chinntiú go mbeidh teaghlaigh níos fearr as i

gconáí nuair a bhíonn céile nó páirtí ag fáil pá agus mar chomhlíonadh ar an ngealltanas sa Phlean a chinntiú go mbeidh rialacha tástála maoinne ar aon dul le beartais gníomhachtúcháin agus le tacaíocht do bheartais oibre. Le héifeacht ó Mheán Fómhair na bliana 2007, tugtar neamhaird ar €20 tuillimh sa lá (faoi réir uasmhéid de 3 lá sa tseachtain) agus measúnaítear an t-iarmhéid ag 60% dá luach.

Cuspóir 8: Cultúr láidir seirbhísí do chustaiméirí a chur chun cinn agus a fhorbairt ar fud na Roinne agus sna gníomhaireachtaí faoina scáth agus feabhas leanúnach a chur ar an tseirbhís do chustaiméirí do dhaoine faoi mhíchumas agus dá gcúramóirí

Tacaíonn an Roinn lena Fóram Comhchomhairleach Míchumais i gcónaí mar chuid de ghealltanas an Phlean Earnála dul i gcomhairle go lánbhríoch leis an Earnáil Míchumais agus a chur ar a gcumas a bheith rannpháirteach i bhforbairt, i soláthar agus in athbhreithnithe ar sheirbhísí. Bhí ceithre chruinniú ann i ngach ceann de na trí bliana anuas mar chuid den iarracht próiseas comhairliúcháin agus cultúr láidir seirbhísí do chustaiméirí a chur chun cinn.

Léiríodh tiomantas na Roinne do sheirbhís ardchaighdeáin a chur ar fáil do chustaiméirí i sraith cruinnithe fócasghrúpa le custaiméirí agus le forais ionadaíocha chun Cairt do Chustaiméirí na Roinne agus an Plean Gníomhaíochta do Chustaiméirí 2009-2011 a chur i dtoll a chéile. Tá an Chairt agus Plean Gníomhaíochta bunaithe ar an gcreat reatha chun seirbhísí do chustaiméirí na Roinne a bhrostú agus a thuairisciú agus tá siad foilsithe ar láithreán Gréasáin na Roinne ag www.welfare.ie.

Chun an teacht is fearr is féidir a thabhairt ar eolas ar scéimeanna agus seirbhísí na Roinne tá gach leabhrán eolais ar fáil ó Líne Iarrtha Bileoga Ghlaio Áitiúil na Roinne agus ar an láithreán Gréasáin. Tá áis iarrtha foirmeacha agus bileog i bhfeidhm ar líne ó 2007 i leith agus tá áis iarrtha i bhfoirm téacsteachtairachta i bhfeidhm ó 2009. D'oibrigh an Roinn leis an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh (ANLA) chun a chinntiú go gcuirfeadh gach foirm agus bileog ar fáil i bhfocail shimplí shoiléire soléite agus go mbeidh siad sothuigte do dhaoine ar leibhéal éagsúla litearthachta. Faoi mhí an Mheithimh 2009, bhí marc Béarla Sothuigte ANLA faighte ag sé cinn de leabhráin eolais na Roinne. Aithníodh obair na Roinne sa réimse seo sa bhliain 2007 nuair a bhuaigh sé Duais Cumais O₂ le haghaidh Seirbhís do Chustaiméirí.

Éascaíonn córas Tuairimí agus Gearán na Roinne, trínar féidir le custaiméirí aiseolas a thabhairt ar cháilíocht na seirbhíse a fhaigheann siad, logáil agus tiomsú gearán a dhéantar faoin Acht um Míchumas 2005. Lena chois sin, tá nósanna imeachta foirmeálta maidir le teacht ar a scéimeanna agus seirbhísí foilsithe ar láithreán Gréasáin na Roinne.

D'fhoilsigh gníomhaireachtaí faoi scáth na Roinne – an Bord Eolais do Shaoránaigh, An Ghníomhaireacht um Chomhrac na Bochtaine (GCB) (go Iúil 2009), An Bord Pinsean, An Ghníomhaireacht Tacaíochta Teaghlaigh agus Oifig Ombudsman na bPinsean – Cairteacha do Chustaiméirí agus Pleananna Gníomhaíochta do Chustaiméirí le linn thréimhse an Phlean Earnála. Sa mhéid seo, chuaigh an Ghníomhaireacht um Chomhrac na Bochtaine i gcomhairle le daoine faoi mhíchumas maidir le cáilíocht seirbhísí, fuair oiliúint i mBéarla sothuigte agus maidir le conas eolas a sholáthar i leagan amach sothuigte agus athscríobhadh roinnt ábhar ar an láithreán Gréasáin dá bharr chun é a dhéanamh níos sothuigte.

Is iad an Ghníomhaireacht Tacaíochta Teaghlaigh agus an Bord Eolais do Shaoránaigh agus gníomhaireachtaí eile nach iad a chistíonn an Sainghníomhaireacht Tacaíochta um Chomhionannas Míchumais (STCM). Bunaíodh í sa bhliain 2001 chun dul i mbun oibre le heagraíochtaí forbartha pobail chun cuimsiú daoine faoi mhíchumas ag leibhéal pobail a chur chun cinn trí dheis a thabhairt dóibh a bheith rannpháirteach i bhforbairt phobail. D'éagraigh an STCM clár pólótach le haghaidh Ionad Acmhainne Teaghlaigh i réigiúin an Iarthair, an Lár-Iarthair agus an Oirthuaiscirt sa bhliain 2007 ar a tugadh 'Clár na gCéimeanna i dTreo Rannpháirtíocht Príomhshrutha'. Ba í aidhm an Chláir deiseanna breise a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas a bheith rannpháirteach sa saol poiblí agus pobail príomhshrutha agus i saol an tsaoránaigh. Cuirtear an Clár ar fáil ag leibhéal áitiúil trí eagraíochtaí áitiúla forbartha pobail. Féachann sé chomh maith le hacmhainneacht agus tacaíochtaí a sholáthar do na heagraíochtaí seo ionas gur féidir leo an clár a chomhordú ag an leibhéal áitiúil. Ar na tacaíochtaí tá oiliúint, líonraíocht, seirbhís aighneachta agus meantóireacht. An fhís don Chlár seo ná go gcuirfear ar chumas daoine faoi mhíchumas a bheith gníomhach ina bpobal féin agus a gcuid ama agus taithí a roinnt leis an bpobal, in ionad a bheith mar fhaighteoirí éighníomhacha seirbhísí agus tacaíochtaí. Ghlac naoi gcinn d'Ionad Acmhainne Teaghlaigh (IAT) páirt sa chlár pólótach.

Tacaíonn Tionscadal Aighneachta Pobail STCM, a seoladh mí Mheán Fómhair na bliana 2007 i gcúig cinn d'Ionad Acmhainne Teaghlaigh i réigiún an oirdheiscirt, le daoine faoi mhíchumas agus lena dteaghlaigh chun teacht ar sheirbhís aighneachta neamhspleách, gairmiúil agus cuimsitheach laistigh dá bpobal áitiúil. Tionscnamh comhpháirtíochta is ea é seo idir an Roinn, an Ghníomhaireacht Tacaíochta Teaghlaigh agus Ionad Acmhainne Teaghlaigh Naomh Bríd i bPort Láirge agus is é an Bord Eolais do Shaoránaigh a chistíonn é. Príomhghné den tionscadal is ea caidreamh oibre a fhorbairt le cúig cinn d'Ionaid Acmhainne Teaghlaigh sa réigiún chun seirbhís aighneachta ionadaíoch a chur chun cinn agus a sholáthar. Cuireann an Tionscadal tuairimí, mothúcháin agus leasanna daoine faoi mhíchumas agus a dteaghlaigh in iúl, agus tacaíonn leo chun gur féidir leo roghanna agus cinntí eolasacha a dhéanamh mar gheall ar a saoil agus a bheith lánpháirteach sa tsochaí. Go dtí seo, daoine aonair a raibh deacrachtaí meabhairshláinte acu ab ea formhór na n-úsáideoirí seirbhíse ar tacaíodh leo.

D'éirigh leis an Tionscadal a chur ar chumas na ndaoine sin a dtorthaí inmhianaithe a bhaint amach maidir le ceisteanna ar nós na tithíochta, achomharc leasa shóisialaigh, teacht ar sheirbhísí i bhFSS agus na leatroime san ionad oibre. Príomhghné den Tionscadal ab ea forbairt scileanna aighneachta agus neartú cumais i measc na mball foirne agus saorálaithe de chuid na nIAT. Chríochnaigh 13 duine déag clár oiliúna sé lá sa bhliain 2008 – Forbairt & Abhcóideacht Phobail – atá creidiúnaithe ag Institiúid Teicneolaíochta Shligigh.

Cuspóir 9: Sástacht a thabhairt do chustaiméirí trí íocaíochtaí leasa shóisialaigh agus cúnamh mhíchumais, tacaíochtaí agus seirbhísí gaolmhara a sholáthar ar ardchaighdeán.

De réir na ngealltanas sa Phlean Earnála chun suirbhéanna aonair a dhéanamh ar scéimeanna ag eatraimh oiriúnacha agus chun leibhéal sástachta na gcustaiméirí leis na seirbhísí a fháil amach trí bhealaí aiseolais eile, foilsíodh suirbhé neamhspleách ar chustaiméirí go déanach sa bhliain 2006 a chuir leibhéal sástachta custaiméirí i gcomparáid leis na torthaí ar shuirbhé a rinneadh sa bhliain 2001 agus a léirigh meadú ar shástacht i measc custaiméirí. Lena chois sin, thaispeáin Suirbhé ar Chustaiméirí a fhaigheann Liúntas Míchumais, a rinneadh i mí Iúil 2007, go raibh 89% de fhreagróirí an-sásta nó sásta leis an tslí inar déileáladh leo agus bhí 79% sásta nó an-sásta leis an luas lenar próiseáladh a n-éileamh.

Thaispeáin suirbhé i gceantar an oirdheiscirt, a rinneadh sa bhliain 2008, go raibh 88% den 75% de chustaiméirí a d'úsáid oifigí na Roinne mar fhoirm chumarsáide sásta nó sásta go leor leis an tseirbhís.

Rinneadh suirbhé ar fhaighteoirí an Phinsin Easláine go luath sa bhliain 2009 agus tugadh tuarascáil don Fhóram Comhchomhairleach Míchumais mí an Mheithimh 2009. Tugadh cuireadh do 1,000 fhaighteoir den Phinsean Easláine a bheith rannpháirteach agus fuarthas freagra ó 552 custaiméir. Díobh seo, i gcás breis is 90% de fhreagróirí:

- Fuair siad amach faoin bPinsean Easláine trí sheirbhísí na Roinne;
- Dúirt siad go raibh an fhoirm iarratais furasta le comhlánú;
- Dúirt siad go mba chabhair í an bhileog eolais;
- Bhí siad sásta nó an-sásta gur déileáladh lena n-iarratas go héifeachtach;
- Dúirt siad go raibh an fhoireann déa-bhéasach, cabhrach, sásta éisteacht, eolasach agus furasta a thuiscint;
- Bhí siad sásta nó an-sásta leis an tslí ar dhéileáil an fhoireann leo; agus
- Bhí siad sásta leis an tslí a rinne an Roinn íocaíocht leo agus leis an tseirbhís íocaíochta arna soláthar ag Oifig an Phoist.

Leagtar amach sa Chairt do Chustaiméirí na Roinne, a foilsíodh sa bhliain 2009, na caighdeáin seirbhíse ar féidir le daoine a bheith ag súil leo ina gcaidreamh leis an Roinn. Tógann an Plean Gníomhaíochta do Chustaiméirí 2009 – 2011 ar ghealltanais na Cairte agus leagann amach raon aidhmeanna agus beart chun na gealltanais sin a chomhlíonadh le linn thréimhse an Phlean.

Íoctar breis is 90% de chustaiméirí anois go leictreonach de réir an bheartais leanúnaigh d'éilimh nua agus éilimh a bhí cheana ann a aistriú go híocaíochtaí leictreonacha. Athraíodh gach íocaíocht leabhair Ordú Iníochta Pearsanta go híocaíocht leictreonach ó Mheán Fómhair 2009. Leagtar amach sna táblaí seo a leanas céatadán na bhfaighteoirí i scéimeanna bainteach le míchumas a bhí á n-íoc go leictreonach ag deireadh mhí Mheán Fómhair 2009.

Scéim	Íocaíocht Leictreonach á Fáil
Liúntas Cúramóra	100%
Sochar Cúramóra	100%
Pinsean na nDall	100%
Liúntas Míchumais	99.9%
Pinsean Easláine	99.6%
Sochar Míchumais	70.9%
Liúntas Forlíontach Leasa	48.4%

Cuspóir 10: Seachadadh seirbhísí do chustaiméirí na Roinne atá faoi mhíchumas a nuachóiriú agus a fheabhsú trí córais TFC a fhorbairt agus a chur chun feidhme agus trí chlár um athrú eagraíochtúil

Féachann Clár Nuachóirithe na Roinne um Sheachadadh Seirbhísí (NSS) le seirbhís phearsantaithe réamhghníomhach ardchaighdeán a sholáthar don uile chustaiméir, agus iad siúd faoi mhíchumas san áireamh, trí sheirbhís a sheachadadh ar bhealach níos éifeachtaí, níos solúbtha agus níos comhtháite.

Riartar roinnt scéimeanna le haghaidh daoine faoi mhíchumas agus a gcúramóirí, lena n-áirítear an Liúntas Cúraim Bhaile a agus an Deontas Cúraim Sosa gaolmhar, tríd an gClár NSS. Rinneadh dul chun cinn maidir le nuachóiriú agus feabhas a chur ar sheachadadh seirbhísí tríd an tsamhail NSS a thabhairt isteach do na scéimeanna Saorthaistil agus Sochar Teaghligh. Tá tús curtha leis an obair chun iarratais nua ar Phinsean Easláine a phróiseáil tríd an gClár NSS go luath sa bhliain 2010 agus chun custaiméirí atá ann anois a aistriú faoi lár 2010. Mar ullmhúchán, tugadh próiseas feabhsúcháin ghnó isteach chun seirbhís fheabhsaithe a chinntiú do chustaiméirí.

Beidh an Roinn in ann seirbhís níos éifeachtaí a sholáthar dá custaiméirí mar thoradh ar phróisis agus nósanna imeachta feabhsaithe a thabharfar isteach tríd an gClár NSS. Leis chois sin, éascóidh an Clár NSS soláthar foirmeacha éilimh leictreonacha féinseirbhíse ar láithreán Gréasáin na Roinne agus seirbhís téacsteachtaireachta mar ar féidir le custaiméirí foirmeacha iarratais a iarraidh le haghaidh scéimeanna agus seirbhísí éagsúla. Lena chois sin, leis na feabhsuithe sna háiseanna Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide féadfaidh foireann na Roinne gach cuid d'eolas éilimh custaiméara a fheiceáil

ar líne agus in áit amháin, ionas go mbeidh an Roinn in ann eolas tráthúil a sholáthar a bhainfidh le teidlíochtaí an chustaiméara sin.

Cuspóir 11: Cinntiú go mbeidh an scrúdú míochaine agus nósanna imeachta measúnaithe chun cáilitheacht do thacaíocht ioncaim míchumais a chinneadh ar ardchaighdeán agus go gcuirfear i bhfeidhm iad ar bhealach comhsheasmhach éifeachtach

Cuireadh tús i mí Eanáir 2009 le nuachóiriú ar an tSeirbhís Athbhreithnithe agus Measúnaithe Míochaine (SAMM). Cuirfidh an Tionscadal SAMM athrú eagraíochtúil agus teicniúil i bhfeidhm sa tSAMM sa tréimhse go deireadh mhí Iúil 2010. Beidh prótacail fianaise-bhunaithe á bhforbairt sa Tionscadal a úsáidfidh Lia-Mheasúnóirí i measúnachtaí deisce agus i measúnachtaí 'pearsanta' araon chun comhsheasmhacht níos fearr a bhaint amach idir mheasúnachtaí. Forbrófar tacaíocht TFC faoin Tionscadal chomh maith le haghaidh bainistiú cásanna agus gníomhachtú custaiméirí leasa shóisialaigh.

Ag éirí as aistriú scéim an Liúntais Chúraim Bhaile chuig an Roinn i mí Aibreáin 2009, tá na staideanna míochaine faoina gcáileoidh iarrthóirí nua don Liúntas á measúnú ag Lia-Mheasúnóirí na Roinne le treoirínite a dhréachtaigh an Sainghrúpa Míochaine faoi cheannas Phríomhchomhairleoir Míochaine na Roinne. Baintear úsáid as na treoirínite seo chomh maith in aon athbhreithniú ar éilimh a bhí á n-íoc roimh an aistriú.

Chun feabhas a chur ar chaighdeán seirbhíse, cuireadh socrú foirmeálta i bhfeidhm le Seirbhísí Eolais na Roinne chun ateangairí a sholáthar ag measúnachtaí míochaine agus leasaíodh dá réir an bhileog eolais a eisítear do chustaiméirí a fhaigheann fógra le teacht i láthair 'go pearsanta' le haghaidh measúnachta. Mí Aibreáin 2009, aontaíodh socruithe nósanna imeachta leis an mBord Eolais do Shaoránaigh maidir le láithreach abhcóidí, arna fhostú ag an gClár Pobail agus Saorálach a chistíonn an Bord, ag measúnachtaí 'pearsanta'.

Mhéadaigh líon na Lia-Mheasúnóirí ó 17 sa bhliain 2007 go 22 i Meitheamh 2009. Tá roinnt Lia-Mheasúnóirí a earcaíodh sna blianta 2007 agus 2008 suite in ionaid réigiúnacha, rud a chuireann le héifeacht na seirbhíse.

Cuspóir 12: Cinneadh an Rialtais maidir le haistriú na Scéime Leasa Forlíontaí agus íocaíochtaí neamh-Liúntais Leasa Forlíontach a chur chun feidhme

Mí Feabhra 2006, chinn an Rialtas go n-aistreofaí Oifig an Ard-Chláraitheora, scéimeanna áirithe cothabhála ioncaim bainteach le míchumas agus an tSeirbhís Leasa Pobail ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chuig an Roinn. Aistríodh Oifig an Ard-Chláraitheora an 1 Eanáir 2008.

Ba é an Liúntas Cúraim Bhaile an scéim íocaíochta míchumais ba mhó a aistríodh chuig an Roinn ó 1 Aibreán 2009; 23,600 faighteoir a bhí i gceist. Eisíodh na chéad íocaíochtaí ar iarratais nua i mí na Bealtaine 2009. Aistríodh stoc na n-éileamh a bhí cheana ann go dtí an Roinn mí Lúnasa 2009 agus eisíodh na chéad íocaíochta chucu seo i Meán Fómhair 2009.

Faigheann tuairim is 3,000 duine Liúntas Leasa na nDall. Níor cinneadh fós cathain ar chóir an Liúntas seo a aistriú chuig an Roinn.

Tá deireadh á chur le ceann amháin den dá scéim íocaíochta míchumais atá fanta, an Liúntas Cothabhála Galair Thógálaigh. Níl aon duine ag fáil an Liúntais i láthair na huaire.

Beidh na socruithe maidir leis an gcúigiú scéim, an Liúntas So-aistritheachta, mar ábhar le cainteanna idir an Roinn agus an Roinn Sláinte agus Leanaí.

Faoin ghné amháin de chinneadh bunaidh an Rialtais bhí i gceist sochair déadach, optalmach agus sochair eile nach iad a aistriú ón Roinn chuig FSS. D'fhéadfaí an ghné seo de chlár na n-aistrithe a athbhreithniú nuair a bheidh moltaí *Thuarascáil an Ghrúpa Speisialta um Líon na Seirbhísí Poiblí agus um Chláir Chaiteachais* i dtaobh Sochar Cóireála breithnithe ag an Rialtas.

Tá roinnt mhaith ullmhúcháin déanta chun an tSeirbhís Leasa Pobail (SLP) a aistriú chuig an Roinn. Áiríodh ar na hAchtanna Leasa Shóisialaigh agus Pinsean 2007 agus 2008 na forálacha reachtacha riachtanacha chun gur féidir riar na Scéime Liúntais Leasa Forlíontaí a aistriú ón FSS go dtí an Roinn agus tá siad faoi réir Ordaithe um Thosach Feidhme. Aontaíodh an méid acmhainní nár mhór a aistriú ón FSS go dtí an Roinn chun an scéim a riaradh. Tá dul chun cinn déanta maidir le socruithe cóiríochta, TF agus bainistíochta airgeadais.

I ndiaidh fhoilsiú an Athbhreithnithe ar an Liúntas Forlíontach Leasa sa bhliain 2006, tugadh bearta isteach san Acht Leasa Shóisialaigh 2007 chun go bhféadfaí íocaíochtaí a tharraing siar de réir a chéile, de réir mar a mhéadaigh uaireanta fostaíochta nó tuillimh iad siúd a fhaigheann Forlíonadh Cíos agus Forlíonadh Ús Morgáiste. Féadfaidh daoine atá fostaithe go páirtaimseartha (suas le 30 uair an chloig sa tseachtain) agus/nó ag baint leasa as deiseanna oiliúna Forlíonadh Cíos nó Forlíonadh Ús Morgáiste a fháil i gcónaí faoi réir chomhlíonadh na rialacha caighdeánacha tástála maoine. Lena chois sin, ó Mheitheamh 2007, tugtar neamhaird ar an gcéad €75 d'ioncam breise, is é sin, ioncam os cionn ráta caighdeánach an Liúntais Leasa Shóisialaigh bainteach le cúinsí an duine, agus measúnaítear aon ioncam breise os cionn €75 ag 75% dá luach.

D'fhoráil an tAcht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean 2007 le haghaidh measúnú feabhsaithe caipitil i gcás an Liúntais Fhorlíontach Leasa agus i gcás forlíontaí eile tríd an neamhaird a mhéadú ó €520 go €5,000 agus beidh an measúnú ar an iarmhéid caipitil ar aon dul, a bheag nó a mhór, leis na socruithe sna scéimeanna eile.

D'fhoráil bearta a tugadh isteach sa bhliain 2007 gur féidir le duine atá ag fáil Forlíonadh Cíos, agus daoine faoi mhíchumas san áireamh, agus a nglactar leis a bhfuil gá aige nó aici le tithíocht faoin Scéim um Chóiríocht ar Cíos, glacadh le fostaíocht lánaimseartha faoi réir chomhlíonadh na tástála maoine caighdeánaí agus bheith i dteideal an Fhorlíonta Cíos i gcónaí. Go dtí seo, le líon beag eisceachtaí, ní bheadh duine i bpost páirtaimseartha 30 uair an chloig sa tseachtain nó níos mó i dteideal Forlíonadh Cíos.

Amhail ag Meán Fómhair 2009, léiríonn figiúirí ón Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil gur aistrigh údaráis áitiúla breis is 12,200 cás Forlíonadh Cíos go haonaid den Scéim um Chóiríochta ar Cíos. D'aistrigh údaráis áitiúla breis is 10,600 faighteoir den Fhorlíonadh Cíos chuig roghanna eile tithíochta sóisialta, ionas gur aistríodh breis is 22,800 cás ó 2005 i leith.

Cuspóir 13: Rannpháirteachas custaiméirí leasa shóisialaigh in aois oibre san oideachas a éascú agus go sonrach daoine faoi mhíchumas is faide ón margadh saothair chun cur lena n-infhostaitheacht agus cuidiú leo teacht ar fhostaíocht inmharthana

Bunaíodh Grúpa Stiúrtha idir-rannach, comhdhéanta d'oifigigh de chuid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta, na Roinne Airgeadais, Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh agus FÁS, chun moltaí an Athbhreithnithe ar Chaiteachas ar an Scéim Liúntais um Fhilleadh ar an Oideachas a chur chun feidhme mar chomhlíonadh ar an ngealltanas sa Phlean Earnála grúpa oibre a bhunú a bheadh comhdhéanta de ionadaithe ó na gníomhaireachtaí ábhartha chun maoirsiú a dhéanamh ar chomhtháthú soláthar tacaíochta ioncaim na Scéime Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais le tacaíocht ioncaim na Roinne. Tá obair an Ghrúpa curtha i leataobh i bhfabhar obair idir-rannach Ghrúpa na nOifigeach Sinsearach maidir le ceisteanna margadh saothair atá ag scrúdú an Liúntais um Fhilleadh ar an Oideachas i bhfianaise na gClár um Margadh Saothair Gníomhach.

Tá an Scéim um Fhilleadh ar an Oideachas ar fáil anois d'fhaighteoirí leasa shóisialaigh, agus daoine a fhaigheann íocaíochtaí bainteach le míchumas san áireamh. Mar thoradh ar fheabhsuithe a rinneadh le gairid ar an scéim um Fhilleadh ar an Oideachas méadaíodh an Liúntas um Chostas Oideachais ó €400 go €500. Ó Aibreán 2009 tá laghdú tagtha ar an tréimhse cháiliúcháin don Liúntas Dara Leibhéil ó shé mhí go trí mhí.

Cuspóir 14: Cinntiú nach gcruthóidh tacaíochtaí ioncaim agus sochair ghaolmhara baic airgeadais a dhíspreagfadh daoine faoi mhíchumas ó bheith rannpháirteach sa líon saothair nó leas a bhaint as deiseanna oiliúna nó oideachais

Dul i dteagmháil go lánbhríoch le daoine in aois oibre, go háirithe i ngrúpaí imeallaithe agus eisiata, agus seirbhísí a sholáthar go díreach agus i gcomhar le gníomhaireachtaí ábhartha eile chun na daoine seo a spreagadh agus a thacú chun glacadh le deiseanna ábhartha oibre, oiliúna, oideachais agus le deiseanna foráis eile

De réir an ghealltanais sa Phlean Earnála baint dreasachtaí ar fud scéimeanna a chomhordú, thángthas ar chomhaontú leis an Roinn Sláinte agus Leanaí agus le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte maidir le coimeád íocaíochtaí tánaisteachta FSS ar aon dul le coimeád an Liúntais Mhíchumais mar thoradh ar an athrú ar ráta aistarraingthe an Liúntais Mhíchumais i mí

an Mheithimh 2006. Roimhe sin, cuireadh gach acmhainní ó thuilleamh san áireamh chun críocha cártaí liachta. Lena chois sin, chuir na neamhairde ioncaim leasaithe le haghaidh daoine a fhaigheann an Liúntais Mhíchumais, a dtugtar srac-chuntas orthu i gCuspóir 3, feabhas ar chosáin isteach san oideachas agus isteach i bhfostaíocht.

Cuspóir 15: Cinntiú go gceapfar scéimeanna agus seirbhísí a thacaíonn le daoine faoi mhíchumas ar bhealach a éascóidh iad chun a bheith lánpháirteach sa tsochaí agus a bheidh ar aon dul leis an gclár oibre príomhshruthaithe

Cinntiú go mbeidh na rialacha teidlíochta le haghaidh íocaíochtaí míchumais agus íocaíochtaí do chúramóirí oiriúnach do thosca na n-éilitheoirí, go mbeidh siad sothuigte agus go gcuirfear i bhfeidhm iad ar bhealach cothrom comhsheasmhach

Ina tuarascáil *'Breoiteacht, Míchumas agus Obair: Ag Sáru na mBac'* a foilsíodh mí na Samhna 2008, d'aithin an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE) struchtúr scéim an tSochair Bhreoiteachta mar ábhar inní ar leith, agus thug faoi deara go bhfuil líon mór daoine ag fáil na híocaíochta sin ar bhonn fadtéarmach. Thug an tuarascáil ar aird "gur neamhghnách sochar breoiteachta a íoc gan teora ama ar fud an ECFE, ar chúiseanna maithe" agus thaispeáin gur mór an baol nach bhfillfidh na daoine sin ar an margadh saothair riamh agus gur mó arís an baol seo i gcás daoine dífhostaithe a fhaigheann Sochar Breoiteachta. D'fhoráil Buiséad 2009 le haghaidh athruithe i struchtúr na scéime Sochair Bhreoiteachta a chuireann teora dhá bhliain leis an teidlíocht ar íocaíocht i gcás éileamh a rinneadh i ndiaidh 5 Eanáir 2009. Ar an tslí seo, feidhmeoidh Sochar Breoiteachta, faoi mar is ceart, mar scéim ghearrthéarmach agus réiteofar an fhadhb go bhféadfaí stoc éilitheoirí fadtéarmacha a chruthú ar bheag a gceangal leis an margadh saothair, agus ar lú an seans le himeacht aimsire go bhfillfidh siad ar an margadh saothair.

Cuspóir 16: Tacaíochtaí ioncaim agus tacaíochtaí eile a fhorbairt do dhaoine faoi mhíchumas le cinntiú go mbeidh teacht isteach leordhóthanach slán inbhuanaithe acu

Cinntiú nach gcruthóidh tacaíochtaí ioncaim agus sochair ghaolmhara baic airgeadais a dhíspreagfadh daoine faoi mhíchumas ó bheith rannpháirteach sa líon saothair nó leas a bhaint as deiseanna oiliúna nó oideachais

Cinntiú go mbeidh tacaíochtaí do Chúramóirí éifeachtach agus inoiriúnaithe dá riachtanais i dtimpeallacht chúraim atá ag athrú

Scrúdaigh Grúpa Oibre, faoi cheannas na Roinne Sláinte agus Leanaí, agus ina raibh oifigigh de chuid na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, an mbeadh sé indéanta íocaíocht um chostas míchumais a thabhairt isteach. Tá na ceisteanna bainteach le tabhairt isteach íocaíocht chostas míchumais le breithniú arís nuair a bheidh córas measúnaithe riachtanas forbartha mar a fhorálar faoi Chuid 2 den Acht um Míchumas 2005.

Mhol an Grúpa Oibre go ndéanfaí beart chun feabhas a chur ar chaighdeán na sonraí maidir le míchumas in Éirinn. Céim thábhachtach chun an t-easnamh sonraí seo a leigheas ab ea foilsiú, i mí Dheireadh Fómhair 2008, na chéad bhabhta torthaí ón Suirbhé Naisiúnta Míchumais 2006 ag an Lároifig Staidrimh. Tá súil le tuarascálacha eile a dhoimhneoidh leibhéal na sonraí atá ar fáil ar cheisteanna ríthábhachtacha ar nós rannpháirtíocht san fhostaíocht agus gnóthachtáil oideachais.

Bhí Éire ar cheann d'aon tír déag a bhí rannpháirteach in athbhreithniú a rinne an ECFE ar idirghníomhaíochtaí idir córais fostaíochta agus córais leasa. Foilsíodh tuarascáil mí na Samhna 2008 a dhírigh go sonrach ar an staid in Éirinn, san Ísiltír, sa Danmhairg agus san Fhionlainn. I measc na réimsí a chlúdaigh an tuarascáil bhí:

- Príomhthreochtaí agus torthaí maidir le stádas eacnamaíochta agus margadh saothair, clúdach agus caiteachas ar shochair mhíchumais, agus tionchar tosca seachtracha, mar shampla daonra atá ag dul in aois;
- Measúnú ar leasuithe a rinneadh le gairid agus leasuithe leanúnacha ar bheartais bhreuiteachta agus ar bheartais bainteach le míchumas sna tíortha faoi athbhreithniú;

- Ról an Stáit maidir le hinsreabhadh agus eis-sreabhadh a spreagadh agus a dhíspreagadh ó shochair trí nósanna imeachta feabhsaithe bainistíochta agus measúnaithe;
- Fostóirí a bheith bainteach le coinneáil post agus le hearcú daoine faoi mhíchumas;
- Dreasachtaí agus mídhreasachtaí airgeadais na hoibre agus na sochar i gcás daoine faoi mhíchumas; agus
- Struchtúir institiúideacha, comhar institiúideach agus rialachas laistigh de na tíortha faoi athbhreithniú.

Thug an tuarascáil ar aird go raibh Éire ag céim luath maidir le leasú struchtúrach cé gur thug sé ar aird gur aithin Éire mórchuid de na dúshláin a bhí roimpi agus go raibh leasuithe éagsúla á bplé nó beartaithe (m.sh. i dtaobh na straitéise fostaíochta agus tionscnaimh ghníomhachtúcháin). Bhí roinnt moltaí sa tuarascáil maidir le feabhas a chur ar an dteagmháil chórasach le custaiméirí, caighdeán na tacaíochta fostaíochta a threisiú i gcás daoine faoi mhíchumas; an córas sochar agus an próiseas measúnachta míchumais a nuachóiriú; agus dreasachtaí airgeadais níos fearr a sholáthar d’oibríthe agus bainteacht fostóirí a mhéadú. Beidh na moltaí seo mar bhonn eolais le forbairt bheartais sna príomhréimsí seo sna blianta romhainn.

Maidir le gealltanais na Roinn tacú le cúramóirí, foilsíodh tuarascáil an Ghrúpa Oibre um Chúram Fadtéarmach de chuid na Roinne Sláinte agus Leanaí go luath sa bhliain 2008. Luíonn formhór na moltaí laistigh de shainordú FSS agus na Roinne Sláinte agus Leanaí. Moladh amháin ná próiseas struchtúrach comhairliúcháin a thabhairt isteach a mbeadh grúpaí ionadaíochta cúramóirí agus Ranna agus gníomhaireachtaí lena mbaineann bainteach leis. Shocraigh an Roinn an tríú cruinniú comhairliúcháin le grúpaí ionadaíochta na gcúramóirí, agus tionóladh é i mí na Nollag 2008.

Rinneadh Athbhreithniú ar Phacáiste Cúram Baile na Roinne Sláinte agus Leanaí, ar a raibh an Roinn mar bhall dá coiste stiúrtha, sa bhliain 2009. Chas an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh leis na comhairligh chun iad a chur ar an eolas i dtaobh raon na dtacaíochtaí ioncaim atá ar fáil do chúramóirí agus mhisnigh iad chun teagmháil a dhéanamh le cúramóirí mar chuid den Athbhreithniú. Tá súil go mbeidh deireadh leis an athbhreithniú faoi dheireadh na bliana 2009.

Le linn 2008 chuaigh Grúpa Oibre Idir-Rannach, faoi cheannas Roinn an Taoisigh, agus le tacaíocht rúnaíochta arna soláthar ag an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, i mbun oibre chun Straitéis Náisiúnta do Chúramóirí a fhorbairt. Chiallaigh an cor chun donais sa gheilleagar nárbh fhéidir spriocanna nó tréimhsí ama a shocrú a d'fhéadfaí a bhaint amach agus ina fhianaise sin, in ionad doiciméad a fhoilsiú nach mbeadh aon phleananna suntasacha ann don todhchaí, chinn an Rialtas i mí Feabhra 2009 gan dul ar aghaidh le foilsiú na Straitéise Náisiúnta do Chúramóirí.

Cuspóir 17: Dul i dteagmháil go lánbhríoch le daoine in aois oibre, go háirithe i ngrúpaí imeallaithe agus eisiata, agus seirbhísí a sholáthar go díreach agus i gcomhar le gníomhaireachtaí ábhartha eile chun na daoine seo a spreagadh agus tacú leo chun glacadh le deiseanna ábhartha oibre, oiliúna, oideachais agus le deiseanna foráis eile

Cinntiú go gceapfar scéimeanna agus seirbhísí a thacóidh le daoine faoi mhíchumas ar bhealach a chabhróidh leo a bheith lánpháirteach sa tsochaí agus a bheidh ar aon dul leis an gclár oibre príomhshruthaithe

Eagraítear cruinnithe míosúla idir an Roinn, an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta agus FÁS faoin Mheamram Comhthuisceana. Leagann an Meamram Comhthuisceana amach creat aontaithe le gur féidir na socruithe riaracháin agus oibriúcháin, a dtoilíonn Seirbhísí Leasa Shóisialaigh agus FÁS a chur i bhfeidhm ina n-iarrachtaí ar leithligh agus ina gcomhiarrachtaí chun freastal do riachtanais daoine dífhostaithe, daoine faoi mhíchumas agus tuismitheoirí aonair a choimeád ar siúl, a fheabhsú agus a leathnú le cois dul i ngleic le dífhostaíocht agus le heaspa gníomhaíochta. Cinntíonn sé céim ard comhair idir na heagraíochtaí. A phríomhaidhm ná creat aonaithe a cheapadh a dhociméadaíonn na socruithe oibriúcháin sa dá eagraíocht chun daoine dífhostaithe a éascú chun glacadh le post nó chun filleadh ar phost. I measc na ndúshlán faoi FÁS agus faoin Roinn tá grúpaí ar nós daoine dífhostaithe go fadtéarmach, daoine faoi mhíchumas, imiricigh, oibríthe iomarcacha agus lucht athraithe gairme a éascú chun fostaíocht a fháil. Cuireann creat an Mheamraim Chomhthuisceana é sin chun cinn ar bhealach comhordaitheach.

Cuirtear faighteoirí an Liúntais Mhíchumais (LM) idir 16 agus 25 bliain san áireamh sna cuirí chun agallaimh atá mar chuid den Tionscadal

Gníomhachtúcháin Míchumais (TGM). Tá an LM iníoctha le daoine ó aois 16 agus toisc go gcuimsíonn an íocaíocht liúntais mhíchumais duine ar bith atá ag fáil íocaíocht mhíchumais/bhreoiteachta ón Roinn, cuirtear faighteoirí an LM, mar is cuí, san áireamh i gcuirí a eisítear chun bheith páirteach sa tionscadal. Sampla de thionscnamh a thacaíonn leis an gcóhórt aoise seo ná rannpháirteachas 20 dalta Ardteistiméireachta faoi mhíchumas i gCeardlann Ullmhúcháin d'Fhágáil na Scoile a bhí comhtháite ó thaobh cur chuige de agus a raibh daltaí ó Scoil Riachtanas Speisialta i gceantar na hIarmhí san áireamh ann. Ba í aidhm na Ceardlainne cúnamh a sholáthar do dhaltaí chun aistriú a dhéanamh ón iarbhunscoil chuig raon de mhodúil praiticiúla saoil agus cineálacha cur chuige iomlánaíocha breise.

Cuspóir 18: Cinntiú nach gcruthóidh tacaíochtaí ioncaim agus sochair ghaolmhara baic airgeadais a dhíspreagfadh daoine faoi mhíchumas ó fhostaíocht a lorg, a ghlacadh nó a fheabhsú

Cinntiú go mbeidh tacaíochtaí do chúramóirí éifeachtach agus inoiriúnaithe dá riachtanais i dtimpeallacht chúraim atá ag athrú

Ina thuarascáil don bhliain 2006, d'aithin Bord na gCuntas Díomhaoin cúramóirí mar spriocghrúpa le haghaidh tacaíocht tosaíochta faoi mhír mhíbhuntáiste eacnamaíochta agus sóisialta a phlean íocaíochta amach. Aithníodh cúramóirí mar théama tosaíochta faoin 'Catagóir Míbhuntáiste Eacnamaíochta agus Sóisialta' i leithroinnt na gCuntas Díomhaoin don bhliain 2007. Is é fócas bheart na gcúramóirí ná oiliúint a sholáthar chun cabhrú le cúramóirí dul i mbun a ról mar chúramóirí. Is é an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh an príomh-Roinn i dtaca leis an mbeart seo agus tá an cistiú á threorú trí vóta na Roinne. Tá cúram ar Pobal an beart a riar thar ceann na Roinne agus tá siad freagrach as monatóireacht agus measúnú leanúnach a dhéanamh ar an gclár. Mheasúnaigh Pobal iarratais agus faomhaíodh 12 ghrúpa le haghaidh cistiú mí na Nollag 2008 arbh fhiú €1.48 milliún é. Tá tús curtha ag grúpaí le tarraingt anuas na gcistí agus tá súil go dtarraingeofar anuas an t-iomlán le linn 2009 agus 2010.

Cuspóir 19: Cinntiú go mbeidh fáil ag daoine faoi mhíchumas agus ag baill foirne faoi mhíchumas ar gach oifig

Chun an leibhéal rochtana ar oifigí na Roinne a dhéanamh amach, rinneadh 12 d'iniúchtaí rochtana sa bhliain 2007. Chun feabhas a chur ar an tseirbhís do chustaiméirí i gcás daoine faoi mhíchumas, suiteáladh córais na lúibe mar

mhír chaighdeánach i ngach oifig nua de chuid na Roinne nó mar chuid d'athchóiriú suntasach.

Le linn thréimhse an Phlean, bunaíodh 12 d'oifigí nua sa Roinn, agus ghéill siad go hiomlán do na caighdeáin inrochtana is inghlactha. Rinneadh athchóiriú ar oifigí a bhí cheana ann le doirse uathoibríthe, ardaitheoirí agus leithris inrochtana. Lena chois sin, d'oscail an Roinn Ionaid nua Measúnaithe Míochaine i dTulach Mhór agus i mBaile Átha Luain sa tréimhse seo.

Faoin Alt 26(2) den Acht um Míchumas 2005 tá ceanglas ar gach comhlacht poiblí oifigeach amháin ar a laghad a cheapadh chun gníomhú i gcáil 'oifigeach rochtana'. De réir na forála seo, cheap an Roinn roinnt Oifigeach Rochtana. Tá na hOifigigh seo freagrach as cúnamh agus treoir a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas chun teacht ar na seirbhísí a chuireann an Roinn ar fáil. Cheap an Roinn Oifigigh Fhiosrúcháin chomh maith de réir Alt 39(1) den Acht um Míchumas 2005. Tá sonraí teagmhála na nOifigeach Rochtana agus na nOifigeach Fiosrúcháin ar fáil ar láithreán Gréasáin na Roinne.

Cuspóir 20: Cinntiú go mbeidh teacht ag daoine faoi mhíchumas ar na hearraí agus seirbhísí a chuirfear ar fáil don Roinn

Cinntiú go mbeidh teacht ag daoine faoi mhíchumas ar na hearraí agus seirbhísí TFC a chuirfear ar fáil don Roinn

D'fhonn a chinntiú go mbeidh teacht ag daoine faoi mhíchumas ar earraí nó seirbhísí a chuirfear ar fáil don Roinn tá oiliúint curtha ar fhoireann na gCóras Eolais chun riachtanais gach úsáideora a chur san áireamh, agus daoine faoi mhíchumas ina measc, agus feidhmchláir TFC na Roinne á ndearadh agus á ríomhchlárú. San áireamh anseo tá comhtháthú díreach leis an teicneolaíocht is déanaí chun Windows/scáileáin a thaispeáint chomh maith le comhtháthú díreach le léitheoir scáileáin JAWS le haghaidh daoine faoi mhíchumas trom radhairc.

Chuir an Roinn buiséad ar fáil chun trealamh teicneolaíochta oiriúnaithí a cheannach ar son ball foirne faoi mhíchumas. Cuireadh nós imeachta measúnaithe riachtanas i bhfeidhm faoina gcasann foireann thrasfheidhmeach ar a bhfuil ionadaithe ó Phearsanra, Sláinte & Sábháilteachta agus Córais Eolais leis an mball foirne agus lena b(h)ainisteoir líne. Tá bonn eolais curtha i dtoll a chéile agus tugann an fhoireann measúnaithe riachtanas comhairle maidir le tascanna a

d'fhéadfadh ball foirne a dhéanamh nó an tslí a bhféadfadh bainisteoir líne tascanna a athshocrú san ionad oibre ar bhealach a d'oirfeadh níos fearr don bhall foirne. Déantar é seo chun go mbeidh rogha ag an mball foirne faoi mhíchumas raon tascanna a chur i gcrích chun teacht a fháil ar dhualgais a thabharfadh deis di/dó dul chun cinn ina g(h)airmréim. Ar bhonn measúnaithe ar riachtanais, d'fhéadfaí cuireadh a thabhairt do bhall foirne freastal ar mheasúnú gairmiúil le haghaidh na Teicneolaíochta Oiriúnaithe le ceann de na heagraíochtaí éagsúla a dhéanann speisialtóireacht den réimse míchumais atá i gceist. Ag brath ar mholtaí thuarascáil na heagraíochta sin, ceannaíonn an Roinn an trealamh a bheadh riachtanach chun timpeallacht oibre an bhaill foirne a fheabhsú.

Déanann baill foirne i gCóras Eolais taighde tréimhsiúil ar theicneolaíochtaí nua a d'fhéadfadh a bheith tairbhiúil do bhaill foirne faoi mhíchumas ina saol oibre. Déanann siad teagmháil le heagraíochtaí a dhéanann cúram de mhíchumais ar leith agus freastalaíonn siad ar thaispeántais trealaimh.

Déanann baill foirne a úsáideann míreanna áirithe den Teicneolaíocht Oiriúnaitheach tástáil ar gach mír de chórais nua sula gcuirtear ar fáil iad go ginearálta. Tá tástálacha úsáideora déanta ag foireann faoi mhíchumas agus aiseolas curtha ar fáil acu do chóras ama agus tinrimh don Roinne, agus don chóras fiosraithe duillín pá agus do láithreáin Ghréasáin. Tá caidreamh sásúil idir lucht forbartha na teicneolaíochta seo agus lena húsáideoirí de bharr an tionscnaimh seo.

Géilleann téimpléid na ndoiciméad tairisceana le aghaidh soláthairtí agus seirbhísí TFC agus neamh-TFC do chaighdeáin W3C Triple A, le treoirínite an Údaráis Náisiúnta Míchumais agus bíonn an Teicneolaíocht Oiriúnaitheach insuiteáilte de réir mar is gá. Cuireadh an beart seo i bhfeidhm le cinntiú go mbeadh gach feidhmchlár agus córas nua comhoiriúnach don raon Teicneolaíochta Oiriúnaithe atá in úsáid ag an bhfoireann. Chun cuidiú leis an Roinn glacadh le córais inrochtana, bunaíodh naisc leis an Údarás Náisiúnta Míchumais agus bíonn teagmháil ag an Roinn le cuideachtaí a dhéanann tástálacha inrochtana ar raon iomlán na míchumas.

Cuspóir 21: Seirbhísí eolais cáilíochta cuimsitheach agus cothrom le dáta a sholáthar (agus tacú lena soláthar) do chustaiméirí faoi mhíchumas agus cinntiú go ngéilltear do Roinn 28 den Acht um Míchumas 2005

Is é príomhchuspóir bheartas eolais na Roinne a chinntiú go gcuirfear gach saoránach ar an eolas i dtaobh an raon leathan scéimeanna agus seirbhísí atá ar fáil agus i dtaobh athruithe agus feabhsuithe de réir mar a thiteann siad amach. Soláthraíonn an Roinn eolas ar bhealach soiléir agus inrochtana dá custaiméirí agus cistíonn eagraíochtaí a chabhraíonn chun eolas i dtaobh seirbhísí leasa shóisialaigh a sholáthar, lena n-áirítear an Bord Eolais do Shaoranaigh, atá faoi scáth na Roinne.

Tá 130 oifig Leasa Shóisialaigh ar fud na tíre mar ar féidir le custaiméirí eolas agus treoir a fháil agus mar a mínítear do dhaoine an tionchar a bheidh ag glacadh le post sealadach ar a dteidlíochtaí. Sna hoifigí is mó gheofar baill foirne arbh é soláthair eolais an t-aon dualgas atá orthu agus tá siad ar fáil chun gach ceann de thacaíochtaí agus de sheirbhísí na Roinne a mhíniú agus chun cabhrú le daoine foirmeacha iarratais a chomhlánú agus teacht ar a dteidlíochtaí.

Lena chois sin, soláthraíonn an Roinn raon cuimsitheach bileog eolais i dtaobh gach íocaíochta nó scéime leasa shóisialaigh. Tá siad sin ar fáil go forleathan in asraonta ar fud na tíre, lena n-áirítear gach Oifig Áitiúil agus Oifig Bhrainse Leasa Shóisialaigh, Ionaid Eolais do Shaoránaigh, Oifigí Poist agus i láithreacha eile ar nós ionad áitiúil pobail.

Cuirtear seirbhísí aistriúcháin agus ateangaireachta ar fáil gach Oifig Áitiúil Leasa Shóisialaigh ach iad a iarraidh. Tá seirbhís phíolótach ateangaireachta bealach Fón Póca á thriail i láthair na huaire le go bhféadfadh Cigirí í a úsáid. Cuirtear seirbhísí Ateangaire Teanga Chomharthaíochta ar fáil nuair is gá. Cuirtear eolas ar fáil ar bhealaí malartacha ar nós Braille, cluasán agus cló mór ach é a iarraidh. Cuirtear oiliúint agus tacaíocht leanúnach ar fáil d'fhoireann na Seirbhísí Eolais maidir le conas eolas a sholáthar ar sheirbhísí míchumais.

Chun teacht níos fearr fós a thabhairt agus le cúnamh ó ANLA (an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh) d'fhorbair an Roinn treoir stíle i mBéarla soléite agus creidiúnáíodh sé cinn de leabhráin eolais na Roinne le marc Béarla Soléite an ANLA.

Sa bhliain 2006, tugadh faoi fheachtas cuimsitheach eolais chun feasacht ar thacaíochtaí do chúramóirí a chur chur cinn. Craoladh fógraí ar teilifís agus ar raidió agus foilsíodh iad sna nuachtáin náisiúnta agus áitiúla. Bhí uimhir eolais Ghlaio Áitiúil 1890 662244 ar gach fógra. Baineadh úsáid as meascán leathan fógraí chun teacht ar an raon ba leithne daoine agus cuireadh fógraí i bhfoilseacháin na n-eagraíochtaí pobail agus saorálach.

Tacaíonn an Roinn le tionscnaimh éagsúla eolais trí chistiú a chur ar fáil dá Seirbhísí Eolais. Mar shampla:

- Comhairle Náisiúnta na nDall in Éirinn chun bileog eolais a sholáthar mar gheall ar an tacaíocht agus na seirbhísí atá ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas trom radhairc;
- Care Alliance Ireland chun ceithre nuachtlitir ráithiúla a sholáthar agus a scaipeadh dírithe ar eagraíochtaí do chúramóirí teaghlaigh i dtaobh na bhforbairtí agus an taighde beartais is déanaí agus a aibhsíonn dúshláin a bhíonn os comhair cúramóirí teaghlaigh;
- Mental Health Ireland chun bileog eolais a dhearadh, a chló agus a scaipeadh chun daoine a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte acu a chur ar an eolas mar gheall ar a dteidlíochtaí leasa shóisialaigh; Seoladh an bhileog seo i mí na Nollag 2008;
- Cumann Bodhar na hÉireann maidir le sraith de shé cinn de Ródseó Eolais;
agus
- Cumann Cathaoir Rotha na hÉireann sa bhliain 2008 chun eolas agus cearta leasa shóisialaigh a leagan amach céim ar chéim i stíl sholáite chun go mbeidh sé níos fusa ar dhaoine faoi mhíchumas iad a thuiscint.

Tar éis athbhreithniú ar láithreán Gréasáin na Roinne www.welfare.ie sa bhliain 2006, seoladh láithreán Gréasáin nua atá géilliúil AA+ le caighdeán inrochtaine mí Mheán Fómhair 2008.

San áireamh i gcur chuige straitéiseach an Bhoird Eolais do Shaoránaigh tá feabhas a chur ar sheirbhísí aighneachta don phobal i gcoitinne tríd na Seirbhísí Eolais do Shaoránaigh (SES) a dhíríonn ar theacht ar sheirbhísí,

teidlíochtaí leasa agus cearta fostaíochta. Tá an cineál aighneachta príomhshrutha seo ar fáil chomh maith do dhaoine faoi mhíchumas agus tá Clár Aighneachta na hEarnála Pobail agus Saorálach ag cothú dlúthnaisc leis na SES chun deimhin a dhéanamh de go misnítear agus go dtacaítear le daoine faoi mhíchumas chun úsáid a bhaint as na seirbhísí príomhshrutha a mhéid agus is féidir. Neartaíodh an cumas aighneachta nuair a tugadh isteach Treoirscéimeanna maidir le hOifigigh Acmhainne Aighneachta. D'oibrigh an naonúr Oifigeach Acmhainne Aighneachta a fostaíodh faoi na treoirscéimeanna seo chun cur le cumas na soláthraithe eolais sna SES aighneachtaí a dhéanamh ar son custaiméirí.

Cuspóir 22: Cinntiú gur gné dhílis de straitéis, beartais agus cleachtas daonacmhainní na Roinne í bainistiú míchumais san ionad oibre.

Eagraíodh cruinnithe rialta le linn thréimhse an Phlean Earnála den Choiste Monatóireachta, a bunaíodh chun monatóireacht a dhéanamh ar ghéilliúlacht na Roinne agus na ngníomhaireachtaí faoina scáth, do fhorálacha an Achta um Míchumas maidir le fostaíocht san earnáil phoiblí. Chuir na gníomhaireachtaí tuarascálacha ar fáil maidir le 2008 agus bhreithnigh an Coiste Monatóireachta iad seo agus rinne teagmháil eile leis na gníomhaireachtaí mar ba chúí. Cuireadh tuarascáil a chlúdaigh na gníomhaireachtaí ar fad faoi scáth na Roinne maidir le 2008 faoi bhráid an Aire agus an Údaráis Náisiúnta Míchumais ag deireadh mhí Mheithimh 2009 de réir an riachtanais reachtúil.

Tá Oifigeach Teagmhála Míchumais ceaptha ag an Roinn arbh é a príomhról tacú le fostaithe faoi mhíchumas, a leasa a chur chun cinn agus teagmháil a dhéanamh le soláthraithe seirbhíse inmheánacha agus seachtracha agus comhar a dhéanamh leo chun a chinntiú go gcomhlíonfar sainriachtanais. San áireamh ina ról chomh maith tá tiomsú eolais mar gheall ar líon na foirne faoi mhíchumas sa Roinn.

Gheofar gealltanais na Roinne tacú le baill foirne faoi mhíchumas ina *Straitéis Daonacmhainní 2009 go 2012* a foilsíodh sa bhliain 2009. Ar na príomhbhearta chun roinnt tionscnamh a fhorbairt agus a sholáthar, a aithníodh i gCuspóir 7 den Straitéis, 'Cultúr Comhionannais agus Éagsúlachta a Chothú', tá:

- Cláir oiliúna agus cothú feasachta, maidir le comhionannas agus éagsúlacht;
- Feabhas ar na tacaíochtaí atá ar fáil do bhaill foirne faoi mhíchumas laistigh den Roinn; agus
- Cur i ngníomh fhorálacha an Phlean Earnála bainteach le bainistíocht daonacmhainní, ar a n-áirítear bainistiú míchumais san ionad oibre.

Bhuaigh an Roinn duaiseanna i ngach ceann de na sé chatagóir i nDuaiseanna Cumais O₂ sa bhliain 2007. Ba iad na catagóirí sin Cinnireacht, Inrochtaineacht Comhshaoil, Seirbhís do Chustaiméirí, Earcaíocht agus Roghnú, Foghlaim, Forbairt agus Forchéimniú, Coinneáil agus Folláine.

Cuspóir 23: Cinntiú go gcuirfear earcú daoine faoi mhíchumas chun cinn leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

I dtréimhse an Phlean Earnála, bhí teagmháil ag an Roinn leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí maidir le dea-chleachtas i réimse na hearcaíochta agus sannadh ball foirne faoi mhíchumas.

Bhí an Roinn rannpháirteach i gclár Meantóireachta Toiliúil Ábalta na bliana 2008 a sholáthraíonn socrúcháin oibre do chéimithe faoi mhíchumas. Lena chois sin, bhí sí rannpháirteach i dTionscnamh Cúl-Oibrithe arna chomhordú ag Cumann na hÉireann um Fhostaíocht Tacaithe sa bhliain 2009.

Cuspóir 24: Cinntiú go dtacófar go hiomlán le baill foirne faoi mhíchumas nó a bhualtear le míchumas ionas gur féidir leo a ngealladh a fhíorú

Thacaigh an Roinn i gcónaí le baill foirne trí Phróiseas foirmeálta Measúnaithe ar Riachtanais ionas gur féidir aon riachtanais san ionad oibre a aithint agus a chomhlíonadh d'iontrálaithe nua agus don fhoireann atá anois ann.

Forbraíodh an t-eolas i dtaobh míchumais atá ar láithreán inlín Daonacmhainní chun ábhar cuimsitheach tacaíochta a chur ar fáil don fhoireann agus do bhainisteoirí. Déantar cothabháil agus feabhsú leanúnach ar an ábhar.

Chun úsáid na Teicneolaíochta Oiriúnaithe a éascú, bunaíodh struchtúr chun iarratais ar threalamh speisialaithe a réiteach go mear. Ainmníodh buiséad imfhálaithe chun Teicneolaíocht Oiriúnaitheach a sholáthar agus taighde a

dhéanamh air agus chuige sin amháin. Bunaíodh naisc le heagraíochtaí seachtracha míchumais ionas go ndéanfar measúnú ar bhaill foirne féachaint cén cineál trealaimh is fearr a d'oirfeadh dóibh.

Cuspóir 25: Cinntiú go méadófar feasacht ar mhíchumas agus go bhfeabhsófar é san fheidhm Daonacmhainní, laistigh den Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh agus dá gníomhaireachtaí

Leathnaíodh Treoirlínte um Fheasacht ar Míchumas, a soláthraíodh den chéad uair sa bhliain 2005, chun eolas a sholáthar ar cheisteanna meabhairshláinte. Scaiptear na Treoirlínte ar an fhoireann ar fad uair sa bhliain ar a laghad agus tugtar iad do bhaill foirne nua a fhreastalaíonn ar chúrsaí oiliúna ionduchtúcháin.

Cuireadh oiliúint ar fáil do bhaill foirne Daonacmhainní ar conas 'socrúithe réasúnta' a sholáthar do bhaill foirne chun gur féidir leo cuidiú le bainisteoirí riachtanais foirne a aithint agus a chomhlíonadh. Cuireadh oiliúint maidir le meabhairshláinte ar fhoireann Daonacmhainní sa bhliain 2007 ag Mental Health Ireland agus ina dhiaidh sin cuireadh Clár Feasachta ar Mheabhairshláinte ar fáil d'fhoireann na Roinne agus leanfar leis ar bhonn leanúnach, mar is gá.

Sholáthair an Roinn cúrsaí chomh maith, i gcomhar le Cumann Bodhar na hÉireann, maidir le feasacht ar bhodhaire agus túseolas ar Theanga Chomharthaíochta na hÉireann.

Cuspóir 26: Géilliúlacht do chuid 5 den Acht um Míchumas a chinntiú Deiseanna pearsanta agus forchéimnithe gairme a cheapadh go córasach do bhaill foirne faoi mhíchumas

Faoi Chuid 5 den Acht um Míchumas 2005, socraíodh sprioc reachtúil fostaíochta de 3% de dhaoine faoi mhíchumas i gcás gach comhlachta poiblí. Déanann an tÚdarás Náisiúnta Míchumais monatóireacht ar ghéilliúlacht don sprioc seo agus tuairiscíonn an Roinn ar an ngéilliúlacht gach bliain. Bíonn na figiúir ghéilliúlachta seo bunaithe ar fhéin-nochtadh ag baill foirne. Sháraigh an Roinn an sprioc seo sna blianta 2007 (4.8%) agus 2008 (4.5%).

Bunaíodh Foghrúpa um Fhorchéimniú Gairme le haghaidh Ball Foirne faoi Míchumas chun aon bhac ar fhorchéimniú a scrúdú agus a thuairisciú i gcás ball foirne faoi mhíchumas. Cuireadh tuarascáil ar fáil sa bhliain 2009 agus beidh na bearta a aithníodh mar chuid den bheartas agus de na tionscnaimh

amach anseo sa réimse chéanna. Admhaíonn an Roinn gur acmhainn mhórluachmhar é an dul i gcomhairle seo le baill foirne tríd an gcineál seo fóraim chun a cuid tacaíochtaí do bhaill foirne a fheabhsú.

Cuspóir 27: Seirbhísí aighneachta a sholáthar agus a chur chun cinn, go háirithe le haghaidh daoine faoi mhíchumas, ar aon dul le ról agus sainordú na Roinne

Faoi fhorálacha an Acht um Eolas do Shaoránaigh, 2007, athraíodh ainm na Comhairle, a bunaíodh sa bhliain 2000 chun eolas agus comhairle neamhspleách a sholáthar díreach don phobal i dtaobh seirbhísí sóisialta, go dtí an Bord Eolais do Shaoránaigh (BES) chun ionadaíocht níos soiléire a dhéanamh ar fheidhmeanna na heagraíochta agus nasc díreach a chruthú idir é agus na seirbhísí agus na tacaíochtaí a sholáthraíonn sé, is é sin, eolas do shaoránaigh.

Ba san Acht um Eolas do Shaoránaigh 2007 a foráladh do thabhairt isteach seirbhís aighneachta pearsanta faoin mBES. Ach níorbh fhéidir go dtí seo seirbhís aighneachta pearsanta a sholáthar mar a beartaíodh de dheasca an chor chun donais sa gheilleagar. Tosaíocht i gcónaí don Rialtas, don Roinn agus don BES is ea soláthar seirbhís aighneachta don uile shaoránach, lena n-áirítear iad siúd faoi mhíchumas.

Tá Clár Aighneachta um Earnáil Phobail agus Saorálach ceaptha ag an mBES do dhaoine faoi mhíchumas agus tá cistiú déanta ar 46 de thionscadail aighneachta aonair. Is ar abhcóideacht ionadaíoch do dhaoine faoi mhíchumas fócas foriomlán an chláir. Feidhmíonn tionscadail laistigh de cheantar tíreolaíoch ar leith nó tá siad dírithe ar chineál míchumais ar leith. Tá dúshlán difriúil i gceist i ngach ceann de na tionscadail; éilíonn cuid acu dianobair ar líon beag cásanna agus éilíonn cuid eile tréimhsí gearra teagmhála leis an gcustaiméir ach is mó an t-ualach oibre. Suas go deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2009, bhain 5,550 ball den phobal nó mar sin leas as na seirbhísí a sholáthraíonn na tionscadail. Tá an BES ag déanamh monatóireachta ar Chlár Aighneachta na hEarnála Pobail agus Saorálaigh chun a chinntiú go bhfuil na tionscadail ag oibriú de réir threoirlínte aighneachta an Bhoird.

Rinneadh meastóireacht neamhspleách idir 2007 agus 2008 ar Threoirscéimeanna na nOifigeach Acmhainne Aighneachta, atá le tabhairt chun críche sa chéad ráithe de 2010. Bunaithe ar mholtaí na meastóireachta

agus i bhfianaise staid reatha an gheilleagair chuir Grúpa Stiúrtha Náisiúnta na nOifigeach Acmhainne Aighneachta togra ar aghaidh chuig an mBord Eolais do Shaoránaigh maidir le struchtúr buan chun tacú le hobair aighneachta sa BES. I gceist sa togra bhí úsáid naonúr Oibrí Tacaíochta Aighneachta chun tacaíocht a sholáthar don líonra iomlán de 42 Seirbhís Eolais do Shaoránaigh. Ag cur sainordú níos leithne an Oibrí Tacaíochta Aighneachta faoin togra seo san áireamh, ní mór an ról a athrú chun béim níos mó a chur ar chiantacaíocht maille le fócas ar oiliúint agus ar fhorbairt chumais.

Cúrsa ocht mír is ea 'Cleachtas Aighneachta' a ceapadh le haghaidh soláthraithe eolais agus a cuireadh ar fáil sa bhliain 2008. Soláthraíonn an BES oiliúint aighneachta do phearsanra an Bhoird i bhfoirm Chlár do Sholáthraithe Eolais creidiúnaithe, arna bhailíochtú ag Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna (FETAC). Tá sé ar leibhéal 6 de Chreatoibre Náisiúnta na gCáilíochtaí. Díríonn an clár go príomha ar sholáthraithe eolais, idir íochta agus neamhíochta, a oibríonn do Sheirbhísí Eolais do Shaoránaigh. Is minic, áfach, a bhíonn soláthraithe eolais ó eagraíochtaí eile rannpháirteach. Amhail ag Meitheamh 2009, bronnadh céimeanna ar 63 mac léinn ó Institiúid Teicneolaíochta Shligigh agus ó Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge. Tá an BES ag obair le hInstitiúid Teicneolaíochta Shligigh i gcónaí chun an Ardteastas Ealaíon Aighneachta a athbhreithniú agus é a fhorbairt go leibhéal céime. Mar chuid den chúrsa Cleachtas Aighneachta, soláthraíonn an BES dhá lá oiliúna d'abhcóidí gach bliain. I measc cúrsaí eile a sholáthraítear tá: Abhcóideacht Neamh-mhúinte, Bainistíocht Cásanna, Scileanna Idirghabhála agus Idirbheartaíocht agus sholáthair an Bord cúrsa i Reachtaíocht Míchumais ar fhreastail 20 abhcóide air, in Aibreán 2009.

Tá tionscadal, i gcomhar le Inclusion Ireland, ag éascú forbairt ghrúpaí féinaighneachta i Seirbhís Míchumais Naomh Iósaef in Ospidéal Naomh Íde, Port Reachrann.

Cuspóir 28: Tacú le teacht chothrom ar eolas agus ar sheirbhísí sóisialta agus sibhialta do chách

Ar aon dul le gealltanas an Bhoird Eolais do Shaoránaigh (BES) leanacht ar aghaidh ag forbairt láithreán Gréasáin agus líne chabhrach teileafóin Assist Ireland i gcomhar le gníomhaireachtaí eile, uasghrádaíodh an láithreán Gréasáin seo agus tá sé beo ó Iúil 2009. Fuarthas 800 ceist ar an líne fóin

(1890 277 478) agus seirbhís eolais ríomhphoist (support@assistireland.ie) idir Eanáir agus deireadh na Bealtaine 2009. D'óstáil an BES agus Enable Ireland seimineár ar Theicneolaíocht Oiriúnaitheach i dteannta a chéile i mí Eanáir 2009. Aiseolas dearfach is ea a fuarthas uathu siúd a d'fhreastail ar an seimineár mar gheall ar sheirbhís Assist.

Bhunaigh an BES an tSeirbhís Ateangaireachta i dTeanga Chomharthaíochta (SLIS) mar chuideachta teoranta neamhspleách agus cuireadh tús leis an tseirbhís i mí Aibreán 2007. Tá láithreán Gréasáin agus áis áirithinte ar líne forthartha ag SLIS (www.slis.ie). Le linn 2008, sholáthair SLIS seirbhísí ateangaireachta do 2,000 custaiméir agus ba ó choláistí tríú leibhéal a tháinig an t-éileamh ba mhó (18% nach mór) agus bhí seirbhísí san earnáil phoiblí sa dara háit (14%). Ba iad seirbhísí sláinte a rinne 13% de na háirithintí agus eagraíochtaí deonacha do dhaoine bodhra agus seirbhísí dlí a d'úsaid breis is 12% den tseirbhís.

Athbhreithníodh agus tugadh cothrom le dáta treoirínite maidir le baic a bhaint agus teacht níos fearr a thabhairt ar eolas do chách, a d'fhoilsigh an BES den chéad uair i mí an Mheithimh 2005. Cuireadh na treoirínite ar fáil mar shraith leathanach fíricí agus tá siad ar fáil ar láithreán Gréasáin an BES ó Iúil 2009 agus gheofar naisc ann le hacmhainní eile ar láithreáin Ghréasáin bainteach le hábhar.

Tionóladh an séú Comhdháil Eolais Thuaidh/Theas i bPáirt, arna óstáil ag an Roinn, sa Chabhán i mí Dheireadh Fómhair 2008. Is iad an Roinn agus an Gníomhaireacht um Shlándaíl Sóisialta a óstálann an chomhdháil ar bhlianta ailtéarnacha. Tagann foireann líne thosaigh ón dá eagraíocht le chéile ar an ócáid agus bíonn deis acu taithí i bpáirt a roinnt maidir lena ngníomhaíochtaí oibre. Tugtar cuireadh don Earnáil Shaorálach agus do na hEarnálacha Eolais agus Comhairle ó dhá thaobh na teorann a bheith i láthair chomh maith.

Rinne an tIonad um Theicneolaíocht Chúnta iniúchadh rochtaine ar láithreán Gréasáin na Roinne agus fuair gur dearadh an láithreán Gréasáin go soiléir ar mhaithe le teacht a thabhairt do chách air. Mí Feabhra 2009, bhuaigh an láithreán Gréasáin nua, a ghéilleann do na caighdeáin riachtanacha XHTML, AAA, Duais Rochtaine Ríomhrialtais na hÉireann.

Cuspóir 29: Tionscnaimh réamhghníomhacha a cheapadh chun freastal do riachtanais eolais, comhairle agus aighneachta grúpaí leochaileacha agus grúpaí atá imeallaithe go sóisialta, agus daoine faoi mhíchumas, seanóirí agus náisiúnaigh eachtrannacha san áireamh

Chun dul chun cinn a dhéanamh leis an gcuspóir seo, tá eagrán 2006 den Treoir maidir le Seirbhís i Leasa Shóisialaigh (SW4) (agus eagrán le haghaidh daoine faoi mhíchumas san áireamh) ar fáil ar láithreán Gréasáin na Roinne i bPolainnis, i Sínis, in Arabais, i Rúisis, Spáinnis, Romáinis agus i bPortaingéilis. Rinneadh athbhreithniú ar líon na n-íoslódálacha ón láithreán Gréasáin sna blianta 2006 agus 2007 féachaint arbh fhiú leanacht ar aghaidh ag aistriú chuig na teangacha seo ar fad. Ba é tuairim an athbhreithnithe nach raibh sé éifeachtach ó thaobh costais an t-eolas a chur ar fáil sna teangacha seo ar fad agus cinneadh, dá bhrí sin, an Treoir SW4 a chur ar fáil i nGaeilge agus i bPolainnis amháin sa bhliain 2008.

Soláthraíodh cistiú le haghaidh Deontais Eolais don Eagraíocht Náisiúnta do Dhaoine Dífhostaithe sa bhliain 2009 don eagrán is déanaí den leabhrán 'Working for Work'.

Cuireann an Bord Eolais do Shaoránaigh (BES) teacht ar sheirbhísí eolais, comhairle agus aighneachta chun cinn tríd a chur chuige trí chainéal: ar líne ag www.citizensinformation.ie, ar an bhfón trí Sheirbhís Fóin Eolais do Shaoránaigh (SFES) agus duine le duine trí líonra na Seirbhísí Eolais do Shaoránaigh (SES). Tá fáil iomlán ag úsáideoirí faoi mhíchumas ar an láithreán Gréasáin agus tá an t-inneachar ar fáil i níos mó ná teanga amháin. Ofráileann an SFES raon cainéal cumarsáide chun freastal do dhaoine faoi mhíchumas agus soláthraíonn SES áitreabh inrochtana agus seirbhísí for-rochtanta a dhíríonn ar ghrúpaí leochaileacha lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas. Léirigh Omnibus Research, a rinne Millward Brown IMS mí Feabhra agus mí an Mhárta 2007, ardleibhéil sástacha leis na trí chainéal eolais.

Oibríonn Seirbhísí Réigiúnacha an BES i gcomhar le raon eagraíochtaí chun riachtanais eolais agus aighneachta grúpaí imeallaithe a chomhlíonadh. Sa bhliain 2007, tacaíodh le 19 de thionscnaimh tionscadail, ar dhírigh sé cinn díobh ar dhaoine faoi mhíchumas. Lena chois sin, d'fhoilsigh an BES leabhráin dar teideal *Information for Older People Initiative agus Pathways to Information for Foreign Nationals* sna blianta 2007 agus 2008 faoi seach.

Tá 21 Both Scáileán Tadhail ag an mBES chomh maith atá suite i SESanna chun eolas ar líne a sholáthar do ghrúpaí imeallaithe. Ba é Roinn an Taoisigh a chistigh an tionscadal seo.

Cuspóir 30: Cinntiú go gcuirtear feabhas ar feasacht ar mhíchumas ar fud na Roinne agus ag an leibhéal bainistíochta sinsearach

Cuireadh clár oiliúna feasacht ar mhíchumas ar fáil don bhainistíocht shinsearach sa bhliain 2008. San áireamh ann bhí athbhreithniú ar bhearta faoin bPlean Earnála, forálacha an Achta um Míchumas, 2005 agus *Cód Cleachtais na Státseirbhíse maidir le fostú daoine faoi mhíchumas i Státseirbhís na hÉireann* agus so-aistritheacht/ardú céime/forchéimniú le haghaidh ball foirne faoi mhíchumas.

Tá Clár Feasachta ar Mheabhairshláinte á soláthar don fhoireann agus leanfar leis, ar bhonn leanúnach, de réir mar is gá. Bhí Meabhairshláinte Éireann agus GROW (eagraíocht mheabhairshláinte a chabhraíonn le daoine a raibh nó a bhfuil fadhb mheabhairshláinte acu) araon páirteach i soláthar na hoiliúna seo, a thugann forléargas ar ábhair na meabhairshláinte agus ar an tionchar a bhíonn ag staideanna éagsúla ar nós scitsifréinde agus dúlagar ar dhaoine. Déileálann an oiliúint leis an stiogma a ghabhann le staideanna éagsúla, le heagla roimh nochtadh agus le bainistiú meabhairshláinte an duine féin.